**Príomhphointí ó Aighneacht 'An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge':**

**Gaeilge na Sraithe Sóisearaí**

Na príomhphointí a léiríodh in aighneacht 'An Gréasán' mar chuid den Athbhreithniú Luath a rinneadh roimhe seo bunaithe ar thuairimí múinteoirí

**Easpa Scrúdaithe Béil**

Is easpa ollmhór é nach bhfuil scrúdú béil ann faoi láthair, agus nach bhfuil aitheantas ar bith ann don teanga labhartha sa ghrád a fhaigheann daltaí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Ní léiríonn sé seo an meas ceart ar thábhacht na teanga labhartha i sealbhú na teanga, go háirithe do mhionteanga ar nós na Gaeilge. Mura bhfuil luach ceart curtha leis an obair labhartha sa mheasúnú, ní chuirfear an bhéim chéanna ar na scileanna seo sa seomra ranga. Tá sé riachtanach go mbeadh scrúdú béil ceart ann a dhéanfadh gach dalta.

**Torthaí Foghlama**

Tá na torthaí foghlama ró-leathan, rótheibí agus ró-uaillmhianach. Níl siad téagartha go leor. Tá sé deacair brí a bhaint astu agus tá an iomarca acu ann. Tá an teanga atá in úsáid róshainiúil agus róchasta do dhaltaí, rud a chiallaíonn nach bhfuil úsáid phraiticiúil leo go laethúil sa seomra ranga.

Níl aon eolas ar fáil maidir leis an ábhar, na téamaí agus na topaicí a bheadh ag eascairt as na torthaí foghlama. Ní leor torthaí foghlama amháin mar threoir do scrúdú seachtrach

**Téacsanna Litríochta**

Tá an iomarca téacsanna litríochta le staidéar ar an gcúrsa. De bharr srianta ama agus líon na dtéacsanna atá le clúdach, níl go leor ama á chaitheamh ar shealbhú scileanna teanga eile agus ar chothú scileanna cumarsáide ach go háirithe.

Níl go leor téacsanna ar na liostaí litríochta atá oiriúnach do dhaltaí gnáthleibhéil.

An bhfuil ag éirí go maith leis an gcur chuige go n-eascraíonn an fhoghlaim ón litríocht I ngach aonad foghlama? An mbeadh cur chuige téamach níos fearr?

Níl fáil ar na téacsanna litríochta ar fad go héasca.

**MRBanna**

Ní leor MRBanna amháin mar mheasúnú ar scileanna labhartha na ndaltaí. Tá gá le scrúdú béil a thabhairt isteach. Bheadh sé níos fearr dá mbeadh scrúdú béil ceart ar siúl sa tríú bliain ar fiú 40% den mharc deiridh.

An gcothaíonn MRB2 scileanna labhartha agus cumarsáide go sásúil?

**Scrúdú Deiridh**

Ní leor torthaí foghlama amháin mar threoir do mhúinteoirí agus do dhaltaí do scrúdú seachtrach ar nós scrúdú deiridh na Sraithe Sóisearaí. Ní mór eolas a chur ar fáil maidir leis an ábhar, na téamaí, na topaicí agus na séanraí scríbhneoireachta a ba cheart bheith ar eolas ag daltaí.

An gcothaíonn na tascanna scrúdaithe atá ann na scileanna atá de dhíth ar daltaí leis an teanga a úsáid go praiticiúil go laethúil?

**Tasc Measúnaithe**

Tá an tasc measúnaithe go hiomlán mí-oiriúnach do dhaltaí T2. Tá an réim teanga a bheadh ag teastáil don tasc seo go hiomlán mí-réadúil. Bheadh scileanna ardchumais teanga ag teastáil don tasc seo, scileanna nach mbeadh forbartha fós ag daltaí T2. Anuas air sin ní dhéantar aon idirdhealú idir ardleibhéal agus gnáthleibhéal sa tasc measúnaithe. Tá difear ollmhór le brath mar sin idir an caighdeán atáthar ag súil leis ó dhaltaí gnáthleibhéil sa pháipéar scrúdaithe agus sa tasc measúnaithe.

**Sealbhú scileanna teanga**

An éiríonn leis na sonraíochtaí scileanna labhartha agus scileanna cumarsáide a fhorbairt mar is ceart?

An bhfuil a dhóthain ama ann leis na scileanna teanga uile a fhorbairt mar is ceart le gach rud atá le clúdach?